



## CAOMHNÚ FUINNIMH SA BHAILE

Má bhíonn tú tíosach ar fhuinneamh sa bhaile is féidir leat 20% nó níos mó a shábháil i gcostais fuinnimh. Is é an chéad chéim maidir le fuinneamh a bhainistiú sa teach ná a fháil amach cá mhéad a chaitheann tú. De bhrí go n-athraíonn sé sin ó mhí go mí, ba chóir monatóireacht a dhéanamh ar úsáid fuinnimh ar bhonn bliantúil ag úsáid do chuid billí. Féach thíos roinnt nodanna:

### TÉAMH SPÁIS

- » Cas síos an teas sna limistéir chónaithe go dtí 20°C
- » Déan bearnaí beaga timpeall ar fhuinneoga agus ar dhoirse a chalcadh agus a shéalú
- » Socraigh an teas le go mbeidh sé ar siúl 30 nóiméad sula n-eireoidh tú agus go gcasaidh sé as uair an chloig sula rachaidh tú isteach sa leaba

### UISCE TE

- » Déan téamh uisce gan ghá a íoslaghdú
- » Má dhéantar córais teasa a chothabháil go rialta, is féidir úsáid breosla a laghdú
- » Cuir insliú ar do shorcóir

### FEARAIS

- » Cuir fearais atá tíosach ar fhuinneamh in áit seanfearais nuair is féidir. Úsáidfidh fearas 'A' rátaithe níos lú leictreachais ná ceann cosúil leis le rátáil 'D'

- » Cas as PC/ríomhaire glúine nuair nach mbeidh tú á úsáid ar feadh níos mó ná uair an chloig
- » Is féidir le spárálaithe scáileáin beoite níos mó fuinnimh a úsáid ná an ríomhaire é féin!
- » Is féidir le fearais a bhíonn ar fuireachas suas le 20% den fhuinneamh a úsáid a d'úsáidfeadh siad dá mbeidís ar siúl

### SOILSE

- » Cas as an solas nuair nach bhfuil gá leis
- » Cuir bolgáin CFL agus LED in áit gnáthbholgáin solais
- » Bain an méid leasa agus is féidir as solas na gréine tré dhallóga a oscallt i rith an lae

### CÓCAIREACHT

- » Tá sé daor an t-oigheann a úsáid, dá bhrí sin déan é a úsáid go críonna
- » Ná fiuch ach an méid uisce atá uait le tae nó caife (déan cinnte go mbíonn an eilimint clúdaithe)

- » Déan cinnte fearais chistine a úsáid ag an teocht cheart

Cuimhnigh, má dhéanann tú laghdú beag sa mhéid fuinnimh a úsáidtear gach uile lá is féidir leat airgid a shábháil.

## CUIMHNIGH - IS FURASTA DIFRÍOCHT A DHÉANAMH!



BREIS EOLAIS LE FÁIL Ó:

Sinéad Ní Mhainín nó Mark Molloy  
An Rannóg Timpeallachta  
Comhairle Chontae na Gaillimhe

Teil: 091 509 510  
E-phost: [snimhain@galwaycoco.ie](mailto:snimhain@galwaycoco.ie)

Páipéar ó fhoraoisí inbhuanaithe